

An Toghchán Uachtaráin 2018

Nóta Eolais

don

Iarrthóir

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Lúnasa 2018

CLÁR AN ÁBHAIR

1.	Cé na daoine ar féidir leo a bheith ina n-iarrthóirí?	3
2.	Cé na daoine ar féidir leo iarrthóir a ainmniú?	3
3.	Páipéir Ainmniúcháin	3
4.	Grianghraif den Iarrthóir	4
5.	Páipéir ainmniúcháin a thabhairt don Cheann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin	5
6.	Breith a thabhairt faoi na hainmniúcháin	5
	An áit agus an t-am	5
	A bheith i láthair le linn breith a bheith á tabhairt	5
	Tuairisc ar iarrthóir	5
	Ceisteanna is féidir a chur le linn breith a bheith á tabhairt	5
	Agóidí agus achomharc	6
	Iarrthóireacht a Tharraingt Siar.	6
7.	Gníomhairí á gceapadh ag iarrthóirí	7
8.	Caiteachas Toghcháin	8
9.	Postas saor in aisce	8
10.	An Vótáil	9
11.	Comhaireamh na vótaí	9
	AGUISÍN 1 Airteagal 12.4 an Bhunreacht	11
	AGUISÍN 2 Form of Appointment of Authorised Representative	12
	AGUISÍN 3 Legislative Provisions on Agents	13
	An tAcht Toghcháin 1997 – Gníomhairí	13
	An tAcht Toghcháin Uachtaráin 1993 – Gníomhairí	15

Is nóta é seo mar eolas do na hiarrthóirí. Ba chóir tagairt do na forálacha reachtúla iomchuí chun ráiteas deifnídeach a fháil ar an dlí maidir le haon pointe tagartha.

1. Cé na daoine ar féidir leo bheith ina n-iarrthóirí?

Tá gach duine is **saoránach de chuid na hÉireann** ag a bhfuil **35 bhliana** slán incháilithe maidir lena dtoghadh chuig oifig an Uachtaráin.

2. Cé na daoine ar féidir leo iarrthóir a ainmniú?

Ní mór líon nach lú ná **20 comhalta den Oireachtas** nó líon nach lú ná **ceithre chomhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle contae agus cathrach**, chun iarrthóir a ainmniú. Is féidir le hiar-Uachtarán nó Uachtarán atá ag éirí as oifig dul ar aghaidh mar iarrthóir ar ainmniúchán a thabhairt dó féin nó di féin. Níl aon duine ar bith ná aon chomhairle ar bith i dteideal dul i bpáirt in ainmniúchán níos mó ná aon iarrthóir amháin i ndáil leis an toghchán amháin.

Tugtar an dlí a bhaineann le hainmniúchán na n-iarrthóirí in Airteagal 12.4 den Bhunreacht (tá cóip ar fáil in Aguisín 1) agus san Acht Toghcháin Uachtaráin 1993.¹

3. Páipéir Ainmniúcháin

Ní mór ainmniúchán a dhéanamh ar pháipéar ainmniúcháin ordaithe mar a leagtar amach sna Rialacháin um Thoghcháin Uachtaráin (Foirmeacha) 2011 – I.R. Uimh. 258 de 2011 arna leasú le hI.R. Uimh. 329 de 2018. Ón uair a dhéanann an tAire an tOrdú fán Toghchán Uachtaráin², ceapfaidh sé freisin Ceann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin. Is féidir páipéir ainmniúcháin d'úsáid bhaill den Oireachtas a fháil ón gCeann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin nó ó Chléireach na Dála nó ó Chléireach an

¹ Ar leibhéal níos ginearálta, tá an dlí a bhaineann le hUachtarán a thoghadh i mBunreacht na hÉireann, san Acht Toghcháin 1992, san Acht Toghcháin Uachtaráin 1993, san Acht Toghcháin 1997 agus sna hAchtanna Toghcháin (Leasú) 1998 – 2011.

² Leagtar síos san Ordú fán Toghchán Uachtaráin an dáta a gcuirfear vótaíocht an toghcháin ar siúl, na tráthanna a mbeidh an vótaíocht ar siúl lena linn, an lá deiridh ar féidir ainmniúchán a fháil, seoladh an Cheann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin agus an áit a ndéanfaidh sé suí chun breith a thabhairt faoi ainmniúchán.

tSeanaid. Is féidir páipéir ainmniúcháin d'úsáid na gcomhairlí contae nó d'úsáid na gcomhairlí cathrach nó d'úsáid iar-Uachtaráin nó Uachtaráin atá ag éirí as oifig a fháil ón gCeann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin. Tá páipéir ainmniúcháin le fáil freisin le híoslódáil ag <http://www.presidentialelection.ie>

I gcás ainmniúcháin chomhaltaí den Oireachtas, ba cheart aon pháipéar ainmniúcháin **amháin** a úsáid. Ba cheart do gach duine a bhfuil i gceist aige nó aici bheith ina (h)ainmnitheoir síniúcháin a chur leis an bpáipéar.

I gcás comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle contae agus cathrach, **ba cheart do gach ceann de na comhairlí páipéar ainmniúcháin faoi leith** a úsáid. Ní mór fógra trí lá iomlána a thabhairt do gach comhalta den chomhairle go bhfuil beartaithe iarrthóir a ainmniú. Ní féidir rún de chuid na comhairle iarrthóir a ainmniú a chur ar ceal.

Ní foláir ainm iomlán, seoladh agus gairm bheatha (má thagann i gceist) an iarrthóra a léiriú ar gach páipéar ainmniúcháin agus ní foláir dearbhú a bheith mar chuid de go bhfuil an té a chuirtear chun cinn maidir le hainmniúcháin i dteideal seasamh i dtoghchán chuig Oifig an Uachtaráin agus go dtoilíonn an té sin leis an ainmniúcháin atá á mholadh.

4. **Grianghraif den Iarrthóir**

Más mian le hiarrthóir grianghraf de nó di a bheith ar an bpáipéar ballóide, ní foláir grianghraf mar seo a leanas a chur ar fáil leis an bpáipéar ainmniúcháin:

- grianghraf i bhfoirm dhigitithe (Jpeg) ar CD maille le dhá chóip phriontáilte ar aon dul lena chéile (méid ghrianghraif do phas – 35mm x 45mm) a bhfuil ainm an iarrthóra léirithe go soiléir ar a gcúl,
- ní mór caighdeán maith a bheith ag baint leis an ngrianghraf, é daite, éadan iomlán an iarrthóra le feiceáil ann ach gan níos mó ná ceann agus guaillí an iarrthóra a thaispeáint agus in aghaidh chúlra de dhath éadrom (aon dath ar bith), agus an grianghraf a bheith tógtha ar chaighdeán grianghrafadóireachta gairmiúil, agus
- ní foláir an grianghraf a bheith ar cheann a tógadh tráth nach faide ná 12 mí roimh an dáta don vótaíocht sa toghchán.

Leagtar amach na coinníollacha seo in I.R. Uimh. 329 de 2011 agus sa chás nach sásaítear na coinníollacha seo, ní féidir leis an gCeann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin an grianghraf a chur isteach ar an bpáipéar ballóide. Sa chás nach gcuirtear grianghraf ar bith ar fáil, fágfar an spás do ghrianghraf an iarrthóra ar an bpáipéar ballóide bán.

5. Páipéir ainmniúcháin a thabhairt don Cheann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin

Ní foláir don Cheann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin na páipéir ainmniúcháin a fháil tráth nach luaithe ná an 10 r.n. an dara lá tar éis dháta an Ordaithe fán Toghchán Uachtaráin agus tráth nach deireanaí ná an 12 meán lae an lá deireanach chun ainmniúcháin a ghlacadh.

Ba cheart don **duine nó níos mó ná duine amháin atá ag déanamh an ainmniúcháin nó don iarrthóir atá á (h)ainmniú** na páipéir ainmniúcháin comhlánaithe a thabhairt isteach chuig an gCeann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin **agus níor cheart iad a sheoladh tríd an bpost**. Ba cheart coinne a shocrú maidir lena dtabhairt isteach trí ghlaoch ar an teileafón ar oifig an Cheann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin (01 – 888 2423).

Ar pháipéar ainmniúcháin a fháil, seolfaidh an Ceann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin admháil sa phost nó ar bhealach eile chuig an té a ainmnítear ar an bpáipéar ainmniúcháin chun bheith ina (h)iarrthóir sa toghchán agus fógróidh sé go poiblí go bhfuair sé an páipéar ainmniúcháin.

6. Breith a thabhairt faoin ainmniúcháin

An áit agus an t-am

Ag a 3 i.n. ar an lá deireanach chun ainmniúcháin a ghlacadh, tabharfaidh an Ceann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin breith ar bhailíocht na bpáipéar ainmniúcháin a fuarthas - i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1 a thabharfar an bhreith. Beidh Uachtarán na hArd-Chúirte (nó breitheamh eile de chuid na Cúirte arna ainmniú ag Uachtarán na hArd-Chúirte) i láthair mar mheasúnóir breithiúnach le linn breith a

thabhairt ar na hainmniúcháin.

A bheith i láthair le linn breith a bheith á tabhairt

Ní foláir do gach iarrthóir bheith i láthair go pearsanta nó trí ionadaí údaraithe³ le linn breith a thabhairt ar na hainmniúcháin. Ní foláir don iarrthóir ar mian leis nó léi ionadaí údaraithe a cheapadh an fhoirm ordaithe (cóip in Aguisín 2) a úsáid chuige sin atá ar fáil le híoslódáil ag www.presidentialelection.ie. D'fhéadfaí ainmniúchán iarrthóra a fhógairt neamhbhailí sa chás nach dtagann sé nó sí i láthair go pearsanta nó trí ionadaí údaraithe le linn breith a thabhairt ar na hainmniúcháin.

Tá an t-iarrthóir nó ionadaí údaraithe (más ann) agus líon nach mó ná beirt eile a thugann an t-iarrthóir nó an t-ionadaí údaraithe i láthair i dteideal bheith i láthair le linn breith a thabhairt ar na hainmniúcháin.

Tuairisc ar iarrthóir

Tá dlite ar an gCeann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin agóid a dhéanamh in aghaidh aon tuairisc ar iarrthóir atá, i dtuairim an Cheann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin, mícheart, easnamhach maidir leis an duine a shonrú nó níos faide ná mar is gá agus is féidir leis nó léi a thabhairt go ndéantar an tuairisc a leasú nó a fhágáil ar lár.

Ceisteanna is féidir a chur le linn breith a bheith á tabhairt

Is féidir ceist ar bith a bhaineann le hábhar duine a ainmniú mar iarrthóir (iontaofacht an duine sin in oifig an Uachtaráin san áireamh) a chur le linn breith a bheith á tabhairt ar na hainmniúcháin. Is féidir leis an gCeann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin nó leis an measúnóir breithiúnach, d'fhonn breith a thabhairt ar cheisteanna den sórt sin, glacadh le fianaise agus gníomhú ar fhianaise, fianaise faoi mhionn san áireamh, agus is féidir a thabhairt go gcuirfeadh an t-iarrthóir nó ionadaí údaraithe an iarrthóra eolas ar fáil.

Agóidí agus achomharc

³ Is ionann ionadaí údaraithe agus duine a dtugann duine a airbheartaítear a bheith ainmnithe mar iarrthóir i dToghchán Uachtaráin údarás dó nó di ar an bhfoirm ordaithe (tugtar cóip in Aguisín 2) bheith ina (h)ionadaí thar a c(h)eann le linn breith a bheith á tabhairt faoi na hainmniúcháin don toghchán sin.

Nuair a dhéanann duine a airbheartaítear a bheith ainmnithe mar iarrthóir sa toghchán nó ionadaí údaraithe duine den sórt sin agóid le linn breith a thabhairt ar ainmniúcháin, ar fhorais a luafar ansin díreach, i ndáil le:

- (a) breith an Cheann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin faoi bhailíocht aon ainmniúcháin, nó
- (b) intofacht aon duine chuig oifig an Uachtaráin a ndearbhaítear é nó í a bheith ainmnithe mar iarrthóir

agus nuair a deir an duine sin go bhfuil sé de rún aige nó aici **achomharc** a dhéanamh in aghaidh na breithe nó an dearbhúcháin chuig **an Ard-Chúirt**, cuirfidh an Ceann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin an bhreith faoi ainmniúcháin ar atráth go dtí tráth tar éis breith chríochnúil a thabhairt ar an achomharc nó an t-achomharc a tharraingt siar a shocróidh an Ceann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin nó, sa chás nach dtionscnaítear achomharc taobh istigh de thréimhse dhá lá ó dháta an chur ar atráth, go dtí go mbíonn an tréimhse sin caite.

Iarrthóireacht a Tharraingt Siar

Is féidir le duine **tarraingt siar** ón iarrthóireacht tráth ar bith sula dtugtar an bhreith ar ainmniúcháin chun críche ach ní féidir tráth is deireanaí ná sin. Déantar tarraingt siar tríd an duine nó ionadaí údaraithe an duine le fógra i scríbhinn faoi tharraingt siar den sórt sin arna shíniú ag an duine nó ag ionadaí údaraithe an duine a sheachadadh don Cheann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin sula dtugtar an bhreith ar ainmniúcháin chun críche.

7. Gníomhairí á gceapadh ag iarrthóir

Faoi alt 50 an Achta Toghcháin 1997 tá dlite ar gach iarrthóir, ar nó roimh an lá deireanach chun ainmniúcháin a ghlacadh, gníomhaire toghcháin (an Gníomhaire Toghcháin Uachtaráin) a cheapadh agus fógra a thabhairt don Cheann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin faoi ainm agus seoladh an ghníomhaire. Is féidir leis an iarrthóir é féin nó í féin a cheapadh mar ghníomhaire toghcháin uachtaráin. Leagtar cúraimí ar an ngníomhaire toghcháin uachtaráin faoin Acht sin i ndáil le síntiúis agus le caiteachais toghcháin. Tá eolas breise faoi na forálacha sin ar fáil ón gCoimisiún um Chaighdeán in

Oifigí Poiblí (www.sipo.gov.ie). Leagtar síos na forálacha ginearálta maidir le gníomhairí a cheapadh agus a gcuid feidhmeanna, in ailt 33 agus 34 san Acht Toghchán Uachtaráin 1993. Tá cóip d'alt 50 san Acht Toghchán 1997 agus d'ailt 33 agus 34 san Acht Toghchán Uachtaráin 1993 in Aguisín 3.

Is féidir le hiarrthóir nó le gníomhaire toghcháin an iarrthóra aon ghníomhaire áitiúil amháin a cheapadh maidir le gach toghlach Dála chun cabhrú leis an iarrthóir sa toghlach sin agus chun feidhmiú mar ionadaí sa toghlach ag an ngníomhaire toghcháin. Is féidir leis an iarrthóir, leis an ngníomhaire toghcháin nó leis an ngníomhaire áitiúil i ndáil le gach ceantar vótála sa toghlach, aon leasghníomhaire áitiúil amháin a cheapadh chun cabhrú leis an iarrthóir sa cheantar vótála agus chun feidhmiú ansin mar ionadaí ag gníomhaire toghcháin nó ag gníomhaire áitiúil an iarrthóra. Tabharfaidh an té a cheapann gníomhaire áitiúil nó leasghníomhaire fógra i scríbhinn faoin gceapachán sin don cheann comhairimh áitiúil láithreach tar éis an cheapacháin.

8. Caiteachas Toghcháin

Foráiltear faoin Acht Toghcháin (Leasú) 2011 do theorainn €750,000 in aghaidh an iarrthóra maidir le caiteachas i dToghchán Uachtaráin. Ní féidir le haon duine caiteachas toghcháin a thabhu ach amháin an gníomhaire toghcháin uachtaráin nó duine a dtugann an gníomhaire toghcháin uachtaráin d'údarás dó nó di sin a dhéanamh. Tagann tús le tréimhse an chaiteachais teoranta nuair a dhéanann an tAire an tOrdú fán Toghchán Uachtaráin. Foráiltear faoin Acht Toghcháin (Leasú) 2011 chomh maith gur ionann an uasmhéid airgid is féidir a aisíoc le hiarrthóir i dtoghchán uachtaráin agus €200,000. Ní mór d'iarrthóir níos mó ná an ceathrú cuid den chuóta a fháil le linn na vótála chun bheith i dteideal caiteachais a aisghabháil.

9. Postas Saor in Aisce

Tá iarrthóir i dteideal aon phost-teachtaireacht amháin a sheoladh, saor ó chostas, tríd an bpost chuig gach toghthóir. Ba cheart dul i gcomhairle leis an bPost maidir leis na mionsocruithe. (Teagmháil: Damien Murray Uasal, Bainisteoir Cuntais Straitéisigh -, An Post. Fón Póca : 087-8508758.)

10. An Vótáil

Socraíonn an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil dáta agus tráth na vótaíochta san Ordú fán Toghchán Uachtaráin atá dlite air a dhéanamh faoi alt 6 san Acht Toghchán Uachtaráin 1993.

Is ar an mbealach céanna a riartar an vótaíocht i dtoghchán chun na Dála is a riarfar an vótaíocht i dtoghchán uachtaráin agus cuirtear na rialacha mionsonraithe ina leith sin atá in Acht Toghchán 1992 i bhfeidhm ach a mionleasú de réir mar is gá sin. Áirítear ar na rialacha atá i gceist iad sin faoina dtagann nósanna imeachta ag stáisiúin vótaíochta, vótaíocht poist, an scéim vótála speisialta, vótáil ar na hoileáin agus údarás do dhaoine faoi mhíchumas vótáil ag malairt stáisiúin vótaíochta. Ní mór don Cheann Comhairimh Toghchán Uachtaráin fógra faoin vótáil a thabhairt agus tá de fhreagracht airsean nó uirthise freisin na páipéir ballóide a phriontáil san fhoirm ordaithe, mar a leagtar síos sna Rialacháin um Toghchán Uachtaráin (Foirmeacha) 2011 – I.R. Uimh. 258 de 2011 arna leasú le hI.R. Uimh 329 de 2018.

11. Comhaireamh na Vótaí

Déanfar comhaireamh na vótaí ar fad sna 40 toghlaigh do thoghchán Dála atá sainithe san Acht Toghchán (Leasú) (Dáilcheantair), 2013. Déanfaidh an Ceann Comhairimh Toghchán Uachtaráin an toradh a fhionnadh agus a fhógairt ar bhonn na dtuairiscí a chuirfidh an ceann comhairimh áitiúil maidir le gach toghlach faoi seach chuige. Is féidir leis na hiarrthóirí a theacht i láthair nó ionadaí thar a gceann a bheith i láthair le linn don Cheann Comhairimh Toghchán Uachtaráin na torthaí a fhionnadh.

Déanfaidh an ceann comhairimh áitiúil i ngach toghlach an chéad chomhaireamh agus cuirfear na torthaí in iúl don Cheann Comhairimh Toghchán Uachtaráin a dhéanfaidh an ríomh maidir leis an gcuóta. Má bhaineann iarrthóir an cuóta amach ar an gcéad chomhaireamh fógrófar an t-iarrthóir sin tofa; mura mbaineann, treoróidh an Ceann Comhairimh Toghchán Uachtaráin an t-iarrthóir nó na hiarrthóirí is lú vótaí a chur as an áireamh. Déanfaidh an ceann comhairimh áitiúil i ngach toghlach vótaí an iarrthóra / na n-iarrthóirí atá curtha as an áireamh a aistriú agus cuirfear na torthaí in iúl don Cheann Comhairimh Toghchán Uachtaráin. Leanfar den phróiseas maidir le hiarrthóirí a chur as an áireamh agus a gcuid vótaí a aistriú go dtí gur féidir a fhógairt go bhfuil iarrthóir tofa.

Tá na rialacha a bhaineann leis na vótaí a chomhaireamh mar a chéile go bunúsach leis na rialacha a bhaineann le fo-thoghchán Dála.

Is féidir le hiarrthóir nó le hionadaí atá i láthair thar ceann iarrthóra ag an gcomhaireamh i dtoghlach a iarraidh ar an gceann comhairimh áitiúil, ar chomhaireamh a thabhairt chun críche, athscrúdú agus athchomhaireamh a dhéanamh ar na páipéir ar fad nó ar chuid faoi leith de na páipéir ar pléadh leo le linn an chomhairimh sin. Ní mór don cheann comhairimh áitiúil déanamh de réir iarratais den sórt sin. Aon iarratas amháin agus sin uile is féidir le hiarrthóir nó le gníomhaire toghcháin iarrthóra a dhéanamh leis an gCeann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin le linn thoradh an toghcháin a fhionnadh go ndéanfaí athscrúdú agus athchomhaireamh iomlán ar gach beart de na páipéir ballóide. Is ar chomhaireamh a thabhairt chun críche amháin is féidir iarratas den sórt sin a dhéanamh. Ar iarratas den sórt sin a fháil, ní mór don Cheann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin, mura bhfuil sé den tuairim gur iarratas suaibhreasach nó cráiteach é, teorú do gach ceann comhairimh áitiúil an t-athscrúdú agus an t-athchomhaireamh a dhéanamh agus an toradh a chur in iúl dósan ar an modh sin a threoraíonn seisean a dhéanamh.

AGUISÍN 1 Airteagal 12.4 an Bhunreachta

4. 1° Gach saoránach ag a bhfuil cúig bliana tríochad slán, is intofa chun oifig an Uachtaráin é.
- 2° Gach iarrthóir d'oifig an Uachtaráin, seachas duine atá nó a bhí ina Uachtarán cheana, is uathu seo a leanas nach foláir a ainmniú a theacht:
 - i. fiche duine ar a laghad agus gach duine faoi leith díobh sin ina chomhalta, in alt na huaire, de Theach de Thithe an Oireachtais, nó
 - ii. Comhairlí ceithre Chontae riaracháin ar a laghad (agus Contae-Bhuirgí a áireamh) mar a mhínítear le dlí.
- 3° Ní cead d'aon duine ná d'aon Chomhairle díobh sin bheith páirteach in ainmniú breis is aon iarrthóir amháin d'oifig an Uachtaráin san aontoghchán.
- 4° Tig le haon duine atá nó a bhí ina Uachtarán é féin a ainmniú d'oifig an Uachtaráin.
- 5° Nuair nach n-ainmnítear d'oifig an Uachtaráin ach aon iarrthóir amháin, ní gá vótáil chun é a thoghadh.

AGUISÍN 2 FOIRM CEAPACHÁIN IONADAÍ ÚDARAITHE

TOGHCHÁN UACHTARÁIN _____ (Cuirtear isteach an
mhí agus an bhliain)

I# _____

(# Cuirtear isteach anseo ainm, seoladh agus tuairisc iomlán an té a airbheartaítear a bheith ainmnithe mar iarrthóir sa toghchán.)

as _____

duine a airbheartaítear a bheith ainmnithe mar iarrthóir sa toghchán thuasluaite a údarú leis seo do +

(+ Cuirtear isteach anseo ainm, seoladh agus tuairisc iomlán an té a bhfuiltear á údarú mar ionadaí.)

as _____

bheith mar ionadaí thar mo cheann le linn breith a thabhairt faoi ainmniúcháin sa toghchán céanna.

Síniú: _____

Arna shíniú ag an duine thuasainmnithe i bhfianaise **

(** Ba cheart an fhoirm a shíniú i láthair finné agus ní mór don fhinné a (h)ainm a shíniú agus, a s(h)eoladh agus a t(h)uairisc a thabhairt chomh maith.)

AGUISÍN 3 Forálacha Reachtaíochta atá ar Gníomhairí

An tAcht Toghcháin 1997 - Gníomhairí

- Gníomhaire toghcháin uachtaráin a cheapadh.
- * Arna chur isteach le hAlt 50(q) den Acht Toghcháin (Leasú) 2001.**
50. (1) (a) Sula ndéanfaidh sé nó sí aon chaiteachais toghcháin a thabhtú i dtoghchán uachtaráin, déanfaidh gach iarrthóir sa toghchán uachtaráin gníomhaire a cheapadh (dá ngairtear sa Chuid seo "gníomhaire toghcháin uachtaráin") chun críocha na Coda seo **agus chun cabhrú leis an iarrthóir go ginearálta i ndáil leis an toghchán (*)** agus tabharfaidh sé nó sí, tráth nach deireanaí ná an lá deireanach chun ainmniúcháin a ghlacadh sa toghchán, fógra i scríbhinn i dtaobh ainm an ghníomhaire sin agus seoladh oifig an ghníomhaire don cheann comhairimh toghcháin uachtaráin.
- (b) Féadfaidh iarrthóir é féin nó í féin a cheapadh mar ghníomhaire toghcháin uachtaráin agus, air sin a dhéanamh nó ar a mheas faoin alt seo sin a bheith déanta, tiocfaidh sé nó sí, sa mhéid gur féidir é, faoi réir fhorálacha na Coda seo ina iarrthóir dó agus ina ghníomhaire dó araon nó ina hiarrthóir di agus ina gníomhaire di araon agus, ach amháin i gcás ina n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, forléireofar aon tagairt sa Chuid seo do ghníomhaire toghcháin uachtaráin mar thagairt a bhfuil san áireamh léi tagairt don iarrthóir ag feidhmiú mar ghníomhaire toghcháin uachtaráin.
- (2) Más rud é, an tráth dá dtagraítear i bhfo-alt (1) (a), nach mbeidh ainm an ghníomhaire toghcháin uachtaráin arna cheapadh ag an iarrthóir agus seoladh oifig an ghníomhaire curtha in iúl don cheann comhairimh toghcháin uachtaráin ag iarrthóir, measfar go bhfuil an t-iarrthóir féin tar éis é féin nó í féin a cheapadh mar ghníomhaire toghcháin uachtaráin agus tar éis ceapachán aon duine eile mar ghníomhaire den sórt sin a chúlghairm.
- (3) Féadfaidh iarrthóir, aon tráth, ceapachán ghníomhaire toghcháin uachtaráin a bheidh ceaptha nó a mheasfar a bheith ceaptha ag an iarrthóir faoin alt seo a chúlghairm.
- (4) (a) Nuair a tharlóidh, sula mbeidh ráiteas síntiús toghcháin uachtaráin agus an ráiteas caiteachas toghcháin tugtha don Choimisiún um Oifigí Poiblí de réir ailt 48 agus 56, faoi seach, go gcúlghairfear ceapachán gníomhaire toghcháin uachtaráin nó go dtarlóidh don duine arna cheapadh mar ghníomhaire den sórt sin bás a fháil, nó éirí as oifig nó éirí éagumasach ar ghníomhú, déanfaidh an t-iarrthóir láithreach gníomhaire toghcháin uachtaráin eile a cheapadh agus fógra i scríbhinn i dtaobh ainm an duine a bheidh ceaptha amhlaidh agus seoladh oifig an duine sin don cheann comhairimh toghcháin uachtaráin.
- (b) (i) Nuair a tharlóidh d'iarrthóir i dtoghchán uachtaráin ar é féin nó í féin a cheapadh mar ghníomhaire toghcháin uachtaráin bás a fháil sula mbeidh ráiteas caiteachas toghcháin tugtha aige nó aici de réir alt 56, féadfaidh ionadaí pearsanta an iarrthóra gníomhaire toghcháin eile a cheapadh i ndáil leis an iarrthóir.
- (ii) Féadfaidh ionadaí pearsanta iarrthóra i dtoghchán uachtaráin dá dtagraítear i bhfo-alt (i) é féin nó í féin a cheapadh mar ghníomhaire toghcháin i ndáil leis an iarrthóir sin.

An Toghchán Uachtaráin 2018 Nóta Eolais Don Iarrthóir

- (c) Beidh feidhm ag forálacha an ailt seo maidir le gníomhaire toghcháin uachtaráin arna cheapadh faoin bhfo-alt seo.
- (5) Tabharfaidh an ceann comhairimh toghcháin uachtaráin a luaithe is féidir fógra i scríbhinn don Choimisiún um Oifigí Poiblí agus fógra poiblí i dtaobh ainm agus seoladh oifig gach gníomhaire toghcháin uachtaráin a bheidh ceaptha nó a mheasfar a bheith ceaptha faoin alt seo.
- (6) Beidh ag gníomhaire toghcháin uachtaráin a cheapfar nó a mheasfar a bheith ceaptha faoin alt seo oifig nó áit sa Stát a bhféadfar éilimh, fógraí, eascairí, toghairmeacha agus doiciméid eile a chur chuici.
- (7) Aon éileamh, fógra, eascaire, toghairm nó doiciméad a sheachadfar chuig oifig nó áit gníomhaire toghcháin uachtaráin agus a bheidh dírithe chuig an ngníomhaire, measfar gur seirbheáladh an céanna ar an ngníomhaire agus beidh an gníomhaire toghcháin uachtaráin inagartha i leith aon ní i dtaca leis an toghchán uachtaráin in aon chúirt ag a bhfuil dlínse inniúil san áit ina bhfuil an oifig sin suite.
- (8) (a) Aisghairtear leis seo fo-ailt (1) (a) agus (2) (a) d'alt 33 d'Acht na bliana 1993 agus déanfar gach tagairt do ghníomhaire toghcháin san Acht sin a fhorléiriú mar thagairt do ghníomhaire toghcháin uachtaráin arna cheapadh faoin alt seo.
- (b) Cuirtear leis seo an fo-alt seo a leanas in ionad fho-alt (4) d'alt 33 d'Acht na bliana 1993—
- "(4) Tabharfaidh an duine a dhéanfaidh gníomhaire a cheapadh faoin alt seo láithreach tar éis an cheapacháin fógra i scríbhinn i dtaobh an cheapacháin agus ainm agus seoladh an ghníomhaire don cheann comhairimh áitiúil don toglach áirithe."
- (9) Beidh, sa mhéid go bhfuil feidhm acu maidir le toghchán uachtaráin a rinneadh roimh an gcéad lá Eanáir, 1998, feidhm ag forálacha an ailt seo i ndáil leis an toghchán sin ionann is dá mbeadh "Ar nó roimh an lá deireanach chun ainmniúcháin a ghlacadh" curtha in ionad "Sula ndéanfaidh sé nó sí aon chaiteachais toghcháin a thabhú" i bhfo-alt (1)(a) agus "sin" curtha isteach tar éis "an lá deireanach".

An tAcht Toghcháin Uachtaráin 1993 – Gníomhairí

- Gníomhairí a cheapadh. 33. (1) Nuair a bheidh vótaíocht le tógáil i dtoghchán —
- (a) Aisghairthe (alt 50 den Acht Toghcháin 1997)
 - (b) féadfaidh gach iarrthóir nó a gníomhaire toghcháin an iarrthóra, gníomhaire áitiúil amháin a cheapadh maidir le gach toghlach chun cabhrú leis an iarrthóir sa toghlach agus gníomhú mar ionadaí sa toghlach do ghníomhaire toghcháin an iarrthóra, agus
 - (c) féadfaidh gach iarrthóir nó a gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra, leasghníomhaire áitiúil amháin a cheapadh maidir le gach ceantar vótaíochta sa toghlach chun cabhrú leis an iarrthóir sa cheantar vótaíochta agus gníomhú ann mar ionadaí do ghníomhaire toghcháin agus do ghníomhaire áitiúil an iarrthóra
- (2) Beidh ceapachán faoin alt seo inchúlghairthe—
- (a) Aisghairthe (alt 50 den Acht Toghcháin 1997)
 - (b) más faoi fho-alt (1) (b) a dhéanfar an ceapachán, ag an iarrthóir nó ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra, agus
 - (c) más faoi fho-alt (1) (c) a dhéanfar an ceapachán, ag an iarrthóir nó ag an ngníomhaire toghcháin nó ag gníomhaire áitiúil an iarrthóra maidir leis an toghlach lena mbaineann.
- (3) Nuair a chúlghairfear ceapachán gníomhaire faoin alt seo nó a tharlóidh do ghníomhaire arna cheapadh faoin alt seo bás a fháil, nó éirí as oifig éirí éagumasach ar gníomhú le linn toghcháin, féadfar gníomhaire eile a cheapadh faoin alt seo in ionad an ghníomhaire sin.
- Curtha isteach le Alt 50 den Acht Toghcháin 1997 (4) Déanfaidh an duine a cheapfaidh gníomhaire faoin alt seo fógra i scríbhinn a thabhairt láithreach tar éis an ceapacháin do cheann comhairimh áitiúil an toghlaigh lena mbaineann i dtaobh an ceapacháin agus i dtaobh ainm agus seoladh an ghníomhaire.
- Forálacha ginearálta maidir le gníomhairí 34. (1) Féadfaidh iarrthóir i dtoghchán (dá ngairtear "iarrthóir" ina dhiaidh seo san alt seo) nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra, gníomhairí a cheapadh chun bheith i láthair thar ceann an iarrthóra le linn fhionnadh thoradh an toghcháin
- (2) Féadfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra maidir leis an toghlach lena mbaineann gníomhairí a cheapadh chun bheith i láthair thar ceann an iarrthóra —
- (a) le linn páipéir bhallóide a eisiúint chuig postvótálaithe,
 - (b) le linn oscailt na mboscaí postbhallóide, agus
 - (c) le linn chomhaireamh na vótaí.
- (3) Faoi réir fhorálacha fho-alt (4) beidh líon na ngníomhairí a fhéadfar a cheapadh chun bheith i láthair thar ceann aon iarrthóra le socrú —
- (a) i gcás gníomhairí a cheapfar chun bheith i láthair le linn

fhionnadh thoradh an toghcháin, ag an gceann comhairimh toghcháin uachtaráin, agus

- (b) i gcás aon ghníomhairí eile a cheapfar faoin bhfo-alt seo, ag an gceann comhairimh áitiúil,

sa chaoi, ina dhiaidh sin is uile, gurb é an líon céanna a shocrófar i ndáil le gach iarrthóir.

- (4) Féadfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil iarrthóra duine amháin a cheapadh (dá ngairtear “gníomhaire pearsanaíochta” san Acht seo) chun bheith i láthair mar ghníomhaire don iarrthóir i ngach stáisiún vótaíochta d’fhonn cabhrú chun pearsanaíocht a bhrath, agus is i scríbhinn a dhéanfar ceapachán den sórt sin.
- (5) Beidh ceapachán faoin Riail seo inchúlghairthe ag an iarrthóir lena mbaineann nó ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra agus, más faoi fho-alt (2) nó faoi fho-alt (4) a dhéanfar an ceapachán, beidh sé inchúlghairthe freisin ag gníomhaire áitiúil an iarrthóra maidir leis an toghlach lena mbaineann.
- (6) Déanfaidh iarrthóir, nó gníomhaire toghcháin, nó gníomhaire áitiúil iarrthóra, tráth nach déanaí ná an t-am chun tosú ar pháipéir bhallóide a eisiúint chuig postvótálaithe, fógra i scríbhinn a thabhairt do cheann comhairimh áitiúil an toghlaigh lena mbaineann i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire a bheidh ceaptha ag an iarrthóir, nó ag gníomhaire toghcháin, nó ag gníomhaire áitiúil an iarrthóra, chun bheith i láthair le linn na heisiúna sin agus féadfaidh an ceann comhairimh áitiúil diúltú aon ghníomhaire nach mbeidh a ainm agus a sheoladh curtha in iúl dó amhlaidh a ligean isteach san áit a bhfuil na páipéir bhallóide le heisiúint.
- (7) Déanfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra, tráth nach déanaí ná dhá lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta, fógra i scríbhinn a thabhairt do cheann comhairimh áitiúil an toghlaigh lena mbaineann i dtaobh ainm agus seoladh gníomhaire pearsanaíochta a bheidh ceaptha ag an iarrthóir, nó ag an ngníomhaire toghcháin, nó ag an ngníomhaire áitiúil, mar aon le hainm an stáisiúin vótaíochta dá mbeidh an gníomhaire pearsanaíochta ceaptha. Beidh an gníomhaire pearsanaíochta a cheapfar de réir an ailt seo agus a mbeidh a ainm agus a sheoladh curtha in iúl go cuí don cheann comhairimh áitiúil i dteideal bheith i láthair sa stáisiún vótaíochta a luafar san fhógra le linn na tréimhse a thosóidh tríocha nóiméad roimh an am a bheidh ceaptha ag an Aire chun an vótaíocht a thosú agus a chríochnóidh nuair a bheidh na boscaí ballóide séalaithe ag an oifigeach ceannais de bhun alt 110 d’Acht na bliana 1992 (arna chur i bhfeidhm le halt 44) agus na doiciméid agus an t-ábhar a luaitear san alt sin curtha i bpacáistí séalaithe.
- (8) Déanfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra, tráth nach déanaí ná dhá lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta, fógra i scríbhinn a thabhairt do cheann comhairimh áitiúil an toghlaigh lena mbaineann i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire a bheidh ceaptha ag an iarrthóir, nó ag an ngníomhaire toghcháin, nó ag an ngníomhaire áitiúil, chun bheith i láthair le linn oscailt na mboscaí postbhallóide agus féadfaidh an ceann comhairimh áitiúil diúltú aon ghníomhaire nach mbeidh a ainm agus a sheoladh curtha in iúl dó amhlaidh a ligean isteach san áit a mbeidh na boscaí postbhallóide le hoscailt.

An Toghchán Uachtaráin 2018 Nóta Eolais Don Iarrthóir

- (9) Déanfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil an iarrthóra, tráth nach déanaí ná dhá lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta, fógra i scríbhinn a thabhairt do cheann comhairimh áitiúil an toghlaigh lena mbaineann i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire a bheidh ceaptha ag an iarrthóir, nó ag an ngníomhaire toghcháin, nó ag an ngníomhaire áitiúil, chun bheith i láthair le linn chomhaireamh na vótaí agus féadfaidh an ceann comhairimh áitiúil diúltú aon ghníomhaire nach mbeidh a ainm agus a sheoladh curtha in iúl dó amhlaidh a ligean isteach san áit a mbeidh na vótaí le comhaireamh.
- (10) Déanfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin an iarrthóra, tráth nach déanaí ná dhá lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta, fógra i scríbhinn a thabhairt don cheann comhairimh toghcháin uachtaráin i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire a bheidh ceaptha ag an iarrthóir nó ag an ngníomhaire toghcháin chun bheith i láthair le linn fhionnadh thoradh an toghcháin agus féadfaidh an ceann comhairimh toghcháin uachtaráin diúltú aon ghníomhaire nach mbeidh a ainm agus a sheoladh curtha in iúl dó amhlaidh a ligean isteach san áit a mbeidh an toradh le fionnadh
- (11) Nuair a chúlghairfear ceapachán gníomhaire faoin alt seo nó a tharlóidh do ghníomhaire arna cheapadh faoin alt seo bás a fháil nó é a éirí as oifig nó a éirí éagumasach chun gníomhú le linn toghcháin, féadfar gníomhaire eile a cheapadh faoin alt seo in ionad an ghníomhaire sin, agus nuair a dhéanfar ceapachán den sórt sin, tabharfaidh an duine a bheidh ag déanamh an cheapacháin fógra i scríbhinn láithreach i dtaobh ainm agus seoladh an ghníomhaire a cheapadh —
- (a) más faoi fho-alt (1) a dhéanfar an ceapachán, don cheann comhairimh toghcháin uachtaráin, agus
- (b) más ar dhóigh eile faoin alt seo a dhéanfar an ceapachán, do cheann comhairimh áitiúil an toghlaigh lena mbaineann.
- (12) Féadfaidh iarrthóir, go dleathach, aon ní a dhéanamh nó cabhrú le haon ní a dhéanamh a fhéadfaidh gníomhaire arna cheapadh faoin alt seo nó faoi alt 33 a dhéanamh go dleathach thar ceann an iarrthóra, agus féadfaidh an t-iarrthóir bheith i láthair (i dteannta nó in ionad aon ghníomhaire den sórt sin) in aon áit ina bhféadfaidh aon ghníomhaire den sórt sin a bheith i láthair, de bhun an Ahta seo
- (13) Aon ní a gceanglaítear leis an Acht seo é a dhéanamh i bhfianaise ghníomhaire de chuid iarrthóra, ní bheidh sé ó bhail as siocair amháin gan an gníomhaire nó gníomhairí a bheith i láthair san am agus san áit a bheidh ceaptha chun an ní sin a dhéanamh.